## Scéim Deontais Caipitil Tithíochta

Is í aidhm an scéime ná tacaíocht a thabhairt d'eagrais forbartha pobail chun forbairtí tithíochta beaga Gaeilge-lárnaithe a fhorbairt sna Gaeltachtaí, rud a chabhróidh le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga pobail a chinntiú.

Faoin scéim nua Deontais Caipitil Tithíochta, cuirfear deontas caipitil 10% ar fáil suas go huasmhéid €300,000 d'eagrais fhorbartha pobail sa Ghaeltacht atá ag fáil deontas reáchtála ón Údarás le cur ar a gcumas forbairt a dhéanamh ar thograí tithíochta beaga, teangabhunaithe.

**Bunús na Tacaíochta**
Is le tacaíocht shonrach a thabhairt do fhorbairtí tithíochta Gaeilge-lárnaithe sna Gaeltachtaí é an tacaíocht seo. Ní thagann na heagraíochtaí pobal faoi rialacha cúnamh stáit, de bharr sna cásanna seo is d'eagrais forbartha pobail atá ag tabhairt faoi thograí chultúrtha agus ní seirbhísí intrádálaithe atá iontu, mar shampla: reáchtáil coláistí Samhraidh.

D'fhéadfaí an deontas seo a chuir ar fáil don eagrais forbartha pobal trí maoin an Údarás a aistriú chuig an Eagrais Forbartha Pobal ar luach comparáideach.

**Critéir Incháilitheachta**
Chun bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar an deontas seo, ní mór:

1. Go mbeadh cead pleanála in áit don togra beartaithe
2. Go mbeadh an eagraíocht ag fáil deontas reáchtála ó Údarás na Gaeltachta cheana féin
3. Go mbeadh an maoin a dhéantar forbairt air ar léas ag clainne lán-Ghaeilge amháin
4. Cás soiléir, bunaithe ar theimpléid de chuid na Údaráis, a dhéanamh maidir le tábhacht forbairt tithíochta pobail i gcomhthéacs chaomhnú na Gaeilge sa cheantar
5. Go mbeadh cumas léirithe ag an Eagrais Forbartha Pobal tabhairt faoi thograí infreastruchtúr den mhéid seo nó go bhfuil na socruithe curtha i bhfeidhm acu ar an saineolas le tabhairt faoin togra.
6. Go mbeadh an togra ina iomláine ag teacht le na rialacháin cuí ó thaobh cúnamh stáit agus cuspóirí reachtúla an Údaráis.

**Sampla**

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta deontas caipitil €274,500 do Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teoranta (CFCD Teo.) chun tacú le togra tithíochta nuálach i mBaile an Fheirtéaraigh a dhíreoidh ar an ngéarchéim lóistín atá ag cur isteach ar choláistí samhraidh Gaeilge sa cheantar.

I 2024, rinne thart ar 3,000 duine freastal ar chúrsaí Gaeilge, ach bhí liosta feithimh de 1,300 duine óg nach bhféadfaí freastal orthu de dheasca easpa lóistín. Tá an scéal níos measa fós do 2025, le liosta feithimh de 1,500 duine ann cheana féin.

Tríd an deontas seo, forbróidh CFCD Teo. ceithre thigh leathscoite trí stór i mBaile an Fheirtéaraigh. Beidh cúig sheomra leapa i ngach teach, le dáréag foghlaimeoir Gaeilge i ngach ceann. Ligfear na tithe ar cíos le daoine a choinneoidh foghlaimeoirí Gaeilge, agus bainfidh coinníollacha daingne teanga leis an togra.

Tuilleadh eolais: marion@udaras.ie